An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Beartas um Shonraí Oscailte CNCM

## Forbairt agus formheas an bheartais

| | |
|---|---|
| **Beartas arna fhorbairt ag CNCM** | Meán Fómhair 2022 |
| D'fhormheas an Chomhairle an beartas | Meán Fómhair 2022 |
| D'athbhreithnigh agus nuashonraigh CNCM an beartas | |

# An Clár Ábhar

**Cuspóir** - 4 -

**Maidir le CNCM** - 4 -

**An Treoir um Shonraí Oscailte** - 4 -

**CNCM agus an Treoir um Shonraí Oscailte** - 5 -

**Ár gCleachtais um Shonraí Oscailte** - 5 -

1. Aitheantas - 6 -
2. Foilsiú - 6 -
3. Rochtain - 6 -
4. Ábharthacht - 7 -

**Faisnéis a nuashonrú ar shuíomh gréasáin CNCM** - 7 -

**Aguisín 1: Téacs le haghaidh suirbhéanna** - 8 -

**Aguisín 2: Sainmhínithe ar phríomhthéarmaí** - 9 -

**Tagairtí** - 10 -

## Cuspóir


Is é cuspóir an Bheartais um Shonraí Oscailte seo chun na caighdeáin agus na cleachtais a bhunú, caighdeáin agus cleachtais a mbainfidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) úsáid astu ionas go mbeidh fáil phoiblí ar shonraí a bhaineann le taighde CNCM ach go háirithe.

## Maidir le CNCM

Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Is í an Chomhairle a chuireann comhairle ar an Aire Oideachais maidir le:

- curaclam agus measúnú don oideachas luath-óige, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.

Forbraíonn CNCM a cuid comhairle trí Thaighde, Machnamh, Comhairliúchán, agus Líonraí, mar a léirítear i bhFíor 1.




Fíor 1: An chaoi a bhforbraíonn CNCM comhairle

## An Treoir um Shonraí Oscailte

Is í an Treoir um Shonraí Oscailte um Athúsáid Faisnéise ón Earnáil Phoiblí (2019) a sháraíonn an Treoir um Athúsáid Faisnéise ón Earnáil Phoiblí. Is é cuspóir na Treorach um Shonraí Oscailte chun geilleagar sonraí an AE a neartú ach an méid sonraí atá ar fáil le hathúsáid atá i seilbh an phobail a mhaoiníonn an pobal a mhéadú. Bhí an Treoir seo ina huirlis reachtúil in Éirinn ón 17 Iúil 2021 ar aghaidh (I.R. Uimh. 376 de 2021).

Cuireann an Treoir d'oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí sonraí loma a fhoilsiú trí dhearadh agus trí réamhshocrú, mura gcuirtear bac ar rochtain nó má tá rochtain eisiata. D'fhéadfaí srian a bheith ar rochtain nó d'fhéadfadh rochtain a bheith eisiata i leith cóipchirt, maoin intleachtúil, sonraí pearsanta a chosaint, Saoráil Faisnéise nó má thoirmisctear le dlí é.

Is é cuspóir na Treorach um Shonraí Oscailte, a stiúrann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun rialachas poiblí oscailte, trédhearcach agus cuntasach a thógáil in Éirinn. Is comhpháirt thábhachtach iad Sonraí Oscailte de chuid an chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, de chuid na Straitéise TFC agus de chuid an Phlean Athnuachana don Státseirbhís.

## CNCM agus an Treoir um Shonraí Oscailte

Sa Phlean Straitéiseach, 2022–2025 de chuid CNCM, dírítear ar thrí sprioc straitéiseacha: Curaclam agus Measúnacht, Rannpháirtíocht agus Comhoibriú, agus Eolas agus Taighde. Baineann an Treoir um Shonraí Oscailte leis na trí sprioc, agus go háirithe leis na spriocanna a mbaineann a ngníomhartha ábhartha le taighde ó fhoinsí inmheánacha agus seachtracha. Tá baint ar leith ag na cúig ghníomh chun an sprioc Eolas agus Taighde a bhaint amach chun cleachtais athbhreithnithe a bhunú faoin Treoir um Shonraí Oscailte. Mar shampla is é ceann de na gníomhartha seo chun: "Torthaí an taighde a scaipeadh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ó fhoinsí inmheánacha agus seachtracha chun eolas a dhéanamh do phlé agus é a spreagadh." Tá Straitéis Taighde de chuid CNCM ailínithe go láidir leis an Treoir um Shonraí Oscailte, maidir lena tiomantas le bheith oscailte, trédhearcach agus cuntasach. Tá na prionsabail; Ionracas, Ionchuimsitheacht, Tionchar, Éifeacht agus Inrochtaineacht, mar chrann taca ag an taighde ar fad de chuid CNCM.

## Ár gCleachtais um Shonraí Oscailte

Cuirfidh CNCM an Treoir um Shonraí Oscailte i bhfeidhm trína Beartas um Shonraí Oscailte, le fócas ar shainchúram CNCM, agus ar na gníomhartha a eascraíonn ón bPlean Straitéiseach. Déanfar é seo ar bhealach seasmhach agus oscailte, agus é faoi réir comhlíonadh le beartais eile ar nós ár mBeartais Cosanta Sonraí. Cruthóidh CNCM Catalóg Sonraí Oscailte, a fheidhmeoidh mar stór sonraí foilsithe faoin mBeartas um Shonraí Oscailte. Beidh fáil ar an gcatalóg ar data.gov.ie, ar Thairseach Sonraí Oscailte na hearnála poiblí. Cuimseofar tacair sonraí leis an gcatalóg den chuid is mó, cé go gcuirfear san áireamh na sonraí oscailte ar fad a shainaithnítear. Mar shampla, tacair sonraí a bhaineann le:

- taighde allamuigh a choimisiúnaítear
- staidéir fhadaimseartha
- aiseolas ó na comhairliúcháin
- teagmháil leis na líonraí scoile.

Déanfaidh CNCM iniúchadh ar bhealaí teicniúla chun a chinntiú go bhfreastalaíonn an cleachtas chun sonraí a chur ar fáil go hoscailte ar na caighdeáin a bhfuil súil ag an Treoir um Shonraí Oscailte leo agus chun a chinntiú go bhfuil an cleachtas comhleanúnach le prionsabail ár Straitéise Taighde. Freastalaíonn an cur chuige seo ar na riachtanais chosanta sonraí. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis seo, úsáid na soláthraithe tríú páirtí nó leathanaigh chuí a úsáid laistigh de shuíomh gréasáin CNCM, [www.ncca.ie](www.ncca.ie).

Tá an beartas um shonraí oscailte bunaithe ar cheithre chleachtas: Aitheantas, Foilseachán, Rochtain, Ábharthacht.

## 1. Aitheantas

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh CNCM cinneadh faoin taighde ba cheart a fhoilsiú faoin Treoir um Shonraí Oscailte. Clúdaíonn an téarma taighde, taighde ar bith a dhéanann CNCM, mar chuid de chomhairliúchán mar shampla, nó i gcomhpháirtíocht le páirtithe, nó taighde a bhronntar trí thairiscint ar son CNCM. Tugtar faoi deara gur beag nach maoinítear an obair seo ar fad go poiblí agus mar sin, tá sé laistigh de scóip na Treorach um Shonraí Oscailte.
Déanfaidh CNCM:

- athbhreithniú ar thacair sonraí, agus é mar aidhm ag CNCM iad a fhoilsiú, nuair is cuí
- fardal tacar cuimsitheach sonraí a bhunú
- treochlár sonraí oscailte a fhorbairt.

## 2. Foilsiú

Tá an chuid is mó de thaighde CNCM cáilíochtúil ó nádúr, seachas cainníochtúil. Tá sé tábhachtach go gcuirtear mionsonraí ar fáil d'úsáideoirí agus chun comhlíonadh le hoibleagáidí dlíthiúla a chinntiú, ar nós cosaint sonraí agus beartais eile a bhaineann le sonraí (féach Aguisín 2). Teastaíonn iniúchadh ar na tacair sonraí ar fad, chun cearta na ndaoine aonair agus na n-aonán a chosaint sula bhfoilsítear iad ar ár gCatalóg Sonraí Oscailte. Tá na sonraí ar fad a athúsáidtear faoi réir riachtanais na aitreabúideachta cuí do CNCM.
Beidh na sonraí ar fad a fhoilsítear ar ár gCatalóg Sonraí Oscailte:

- athbhreithnithe chun comhlíonadh leis na beartais sonraí eile a chinntiú
- ar fáil i bhformáidí oscailte, i dteannta le tuairisc leordhóthanacha ar[1] mheiteashonraí
- ceangailte le Ceadúnas Sonraí Oscailte.

## 3. Rochtain

Is é inrochtaineacht ceann de na cúig phrionsabal inár Straitéis Taighde. Tá rochtain ar shonraí loma an-luachmhar d'úsáideoirí atá ag iarraidh an fhaisnéis a fheiceáil, a thuiscint, a anailísiú agus a athúsáid. Chomh maith leis sin, cuimsítear le rochtain, na sonraí oscailte a dhéanamh chomh hinrochtana agus is féidir, d'oiread úsáideoirí agus is féidir.
Déanfaidh CNCM iarracht:

- teagmháil a dhéanamh leis na húsáideoirí ag gach céim de na próisis roinnte sonraí

---

[1] Féach Aguisín 2: Sainmhínithe ar phríomhthéarmaí

- uirlisí féachana feiliúnacha a chur ar fáil d'úsáideoirí teicniúla agus neamhtheicniúla
- úsáid a bhaint as caighdeáin sonraí, ar nós DCAT.

## 4. Ábharthacht

Beidh baint ag gné d'athbhreithniú a dhéanamh ar thacair sonraí le haghaidh foilseacháin le hobair CNCM agus leis an bpobal níos leithne. Le himeacht ama, d'fhéadfadh tacair sonraí dul as feidhm, as alt le reachtaíocht atá ag athrú nó b'fhéidir nach mbeadh siad ábhartha a thuilleadh. Is cleachtas riachtanach atá ann catalóg sonraí oscailte ábhartha a chruthú agus a chothú, agus teastaíonn athbhreithnithe tréimhsiúil ón gcleachtas.

Déanfaidh CNCM iarracht:

- a chinntiú go bhfuil na tacair sonraí agus naisc ábhartha agus suas chun dáta
- an chaoi a n-úsáidtear tacair sonraí a fháil amach agus a dtionchar a thomhas
- a mbailiúcháin sonraí a chosaint.

Is iad na Treoirlínte maidir le Foilseachán na Sonraí Oscailte a dhéanann eolas do na cleachtais, sainmhínithe agus príomhthéarmaí (leagan 1.0) atá foilsithe ag Aonad na Sonraí Oscailte sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

# Faisnéis a nuashonrú ar shuíomh gréasáin CNCM

Is í an fhaisnéis atá ar shuíomh gréasáin CNCM maidir le hAthúsáid Faisnéise na hEarnála Poiblí, a dteastóidh nuashonrú ar líne uaithi a thagann le Treoir na Sonraí Oscailte agus Eolas na hEarnála Poiblí. Beidh sé seo mar chuid den obair reatha a theastaíonn tríd an mBeartas um Shonraí Oscailte

## Aguisín 1: Téacs le haghaidh suirbhéanna

D'fhorbair CNCM an téacs seo a leanas leis an Treoir um Shonraí Oscailte chun úsáid na faisnéise a chuireann siad ar ais a mhíniú do na freagróirí ag cur RGCS agus an Treoir um Shonraí Oscailte san áireamh.

**Téacs caighdeánach le húsáid i suirbhéanna agus i gcomhairliúcháin de chuid CNCM – bailiú sonraí anaithnide ón tús**
Tá CNCM tiomanta do do phríobháideacht a chosaint agus ní bhailíonn faisnéis phearsanta fút tríd an suirbhé seo. Caithfear le haon eolas pearsanta a sholáthraíonn tú dúinn de réir na gcaighdeán is airde de shlándáil agus rúndacht, i gcomhréir le RGCS (2016) agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí (1998-2018). Tá tuilleadh eolais faoi Bheartas Cosanta Sonraí CNCM le fáil anseo. Caithfidh CNCM, mar chomhlacht poiblí atá ag feidhmiú faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis Poiblí (2021), taighde a bhfuair maoiniú ón bpobal a fhoilsiú go poiblí. I gcomhréir le Beartas um Shonraí Oscailte CNCM, déanfar aon sonraí ó shuirbhéanna agus ó chomhairliúcháin a shainaithnítear le foilsiú faoin Treoir um Shonraí Oscailte a anaithnidiú agus a thabhairt le chéile lena bhfoilsiú tar éis fhoilsiú na tuairisce deiridh. Meastar go mbeidh sé seo críochnaithe i [mí / bliain].

**Téacs malartach le húsáid i suirbhéanna agus i gcomhairliúcháin CNCM – sa chás a bhfuil ceist sa suirbhé ina n-aontaíonn duine aonair/eagraíocht le bheith ainmnithe i dtuarascálacha deiridh. Nóta: NÍ chuirtear na hainmneacha aonair le haon sonraí oscailte a eisítear.**
Tá CNCM tiomanta do do phríobháideacht a chosaint agus ní bhailíonn faisnéis phearsanta fút tríd an suirbhé seo. Caithfear le haon eolas pearsanta a sholáthraíonn tú dúinn de réir na gcaighdeán is airde de shlándáil agus rúndacht, i gcomhréir le RGCS (2016) agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí (1998-2018). Tá tuilleadh eolais faoi Bheartas Cosanta Sonraí CNCM le fáil anseo. Caithfidh CNCM, mar chomhlacht poiblí atá ag feidhmiú faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis Poiblí (2021), taighde a bhfuair maoiniú ón bpobal a fhoilsiú go poiblí. I gcomhréir le Beartas um Shonraí Oscailte CNCM, déanfar aon sonraí ó shuirbhéanna agus ó chomhairliúcháin a shainaithnítear le foilsiú faoin Treoir um Shonraí Oscailte a anaithnidiú agus a thabhairt le chéile lena bhfoilsiú tar éis fhoilsiú na tuairisce deiridh. Meastar go mbeidh sé seo críochnaithe i [mí / bliain]. Sa chás ina roghnaíonn freagróir 'tá' ar an gceist *An bhfuil tú sásta a bheith liostaithe mar rannpháirtí leis an gcomhairliúchán*, tá freagróirí ag toiliú le foilsiú a n-ainm féin/ainm a n-eagraíochta ar liosta na n-aighneachtaí scríofa ar www.ncca.ie

## Aguisín 2: Sainmhínithe ar phríomhthéarmaí

Ciallaíonn **tacar sonraí** bailiúchán sonraí loma na neamhionramhála ar fhoilsigh nó ar choimeád aonán amháin iad. Is iondúil go gcuirtear na sonraí i láthair i bhfoirm tábla leis na meiteashonraí, gur féidir le meaisín a léamh.

Cuireann na **Meiteashonraí** faisnéis ar fáil chomh maith leis an tacar sonraí. Cuidíonn meiteashonraí leis na custaiméirí tuiscint níos fearr a fháil ar chiall agus ar struchtúr na sonraí. Is féidir leis na meiteashonraí deacrachtaí eile a thabhairt chun solais freisin, ar nós téarmaí ceart agus ceadúnais, na heagraíochta a chruthaigh na sonraí, caighdeán na sonraí, na modhanna rochtana le haghaidh na sonraí agus an sceideal nuashonraithe de na tacair sonraí.

Tagraíonn an **fhormáid** do thacar sonraí oscailte agus don bhealach ina gcuirtear struchtúr ar na sonraí agus ina gcuirtear na sonraí ar fáil do dhaoine agus do mheaisíní.

Is formáid chomhaid struchtúrtha é **tacar sonraí loma** (lena n-áirítear formáidí geospásúla) gur féidir le meaisín a léamh, ar nós scarbhileog, comhad teormharcáilte camóige, Teanga Mharcála Inbhreisithe (XML), nó JavaScript Object Notation (JSON). NÍ tacar sonraí loma é an méid seo a leanas: tuairisc, bileog eolais, roinnt feidhmchlár gréasáin, cáipéis PDF, nó rud ar bith nach féidir a easpórtáil nó nach féidir le meaisín a úsáid.

Is sonraí iad **Sonraí atá Inléite ag Meaisín** i bhformáid gur féidir le ríomhaire nó aon trealamh eile a léamh agus a phróiseáil. Tabhair faoi deara nach bhfuil Formáid Doiciméad Iniompartha (PDF) inléite ag meaisín.

Is iad na **Comhéadain Ríomhchlárúcháin Feidhmchláir (APIs)** a dhéanann cumarsáid meaisín ar mheaisín a éascú chomh maith le babhtáil sonraí, ar bhealach solúbtha agus saincheaptha.

Is sonraí iad **Sonraí Oscailte** gur féidir le duine ar bith a úsáid, a athúsáid agus a athdháileadh gan srian - faoi réir an riachtanais chun cur ina leith agus chun iad a roinnt.

Is é an **Foclóir Catalóg Sonraí (DCAT)** a chuireann ar chumas foilsitheora cur síos a dhéanamh ar thacair sonraí agus ar sheirbhísí sonraí i gcatalóg ach úsáid a bhaint as samhail agus foclóir caighdeánach a dhéanann éascaíocht ar mheiteashonraí a úsáid agus a thabhairt le chéile ó roinnt catalóg. Is féidir leis seo infhionntacht na dtacar sonraí agus na seirbhísí sonraí a mhéadú.

## Tagairtí

Straitéis Taighde CNCM 2019-2021, ar fáil ar: https://ncca.ie/ga/foilseach%C3%A1in-taighde/strait%C3%A9is-taighde/

Comhairliúchán ar Phlean Straitéiseach CNCM 2022–2025 ar fáil ar: https://ncca.ie/ga/faoin-cncm/faisn%C3%A9is-chorpar%C3%A1ideach/plean-strait%C3%A9iseach/

Beartas Cosanta Sonraí CNCM ar fáil ar: https://ncca.ie/ga/s%C3%A9anadh-dl%C3%ADthi%C3%BAil-agus-cosaint-sonra%C3%AD/

Tá Leabhrán Fhoilseachán na Sonraí Oscailte ar fáil ar: https://data.gov.ie/uploads/page_images/2021-05-11-144708.586537Open-Data-Publication-Guidelines-2021.pdf

Uirlis Reachtúil Uimh. 376/2021 - an tAontas Eorpach Sonraí Oscailte agus Athúsáid Faisnéise na hEarnála Poiblí) Rialacháin 2021, ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/si/376/made/en/print

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment